An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

LEABHRÁN ACMHAINNÍ

# CEOL

2017 - 2018

# Gníomhaíocht 1: Cleachtadh Réamhaíochta

**TASC: Déan tuartha faoin topaic roimh an gceardlann. Arbh fhíor iad tar éis na ceardlainne?**

| Roimh an gCeardlann | | | CEOL LAISTIGH DE CHOMHTHÉACS LEASÚ NA SRAITHE SÓISEARAÍ | Tar éis na Ceardlainne | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontaím | Easaontaím | Níl a fhios agam | Ráiteas | Aontaím | Easaontaím | Níl a fhios agam |
| | | | Tá snáithe a haon le teagasc sa Chéad Bhliain, snáithe a dó sa Dara Bliain agus snáithe a trí sa Tríú Bliain. | | | |
| | | | Beidh na Príomhscileanna leabaithe sna Torthaí Foghlama. | | | |
| | | | Cabhróidh na 36 Toradh Foghlama leis an bhfoghlaim ar feadh na dtrí bliana | | | |
| | | | Is eispéiris aonraithe foghlama iad na trí ghné i rith na dtrí bliana. | | | |
| | | | Ní dhéanfaidh scoláirí aon obair chumadóireachta phunainne i mbliain a trí. | | | |
| | | | Déanfar an Ceol a scrúdú ag Leibhéal Comónta. | | | |
| | | | Ní mór do scoláirí rogha a dhéanamh idir taibhiú aonair agus grúpa sa Scrúdú Praiticiúil. | | | |
| | | | Ní mór do scoláirí dhá Mheasúnú Rangbhunaithe, Tasc Measúnaithe, Scrúdú Praiticiúil agus Scrúdú Deiridh a dhéanamh. | | | |
| | | | Cabhraíonn an tSonraíocht le húsáid chomhtháite na teicneolaíochta mar uirlis foghlama agus teagaisc. | | | |

**Tabhair do d'aire**: Is cleachtadh é seo atá le húsáid ag cúrsaí FGL agus NÍ bileog eolais é ar Cheol na Sraithe Sóisearaí.

# Gníomhaíocht 3: Luach an oideachais cheoil

*"Music is a moral law. Musical training is a more potent instrument than any other, because rhythm and harmony find their way into the inward places of the soul"*
**PLATO**

*"To me the sole hope of human salvation lies in teaching."*
**George Bernard Shaw**

*"One activity is scientifically proven to improve cognitive function, help memory systems to work, help us to learn language, help to moderate our emotional state, help us to solve complex problems and help our brains to be healthier into later life? That activity is Music Education"*
**Anita Collins**


*"'Music enhances the education of our children by helping them to make connections and broadening the depth with which they think and feel. If we are to hope for a society of culturally literate people, music must be a vital part of our children's education."*
**Yo-Yo Ma**

*'Creativity is about connecting things. It is in Apple's DNA that technology alone is not enough—it's technology married with liberal arts, married with the humanities, that yields us the results that make our heart sing. The broader one's understanding of the human experience, the better design we will have."*
**Steve Jobs**

- **Logáil isteach ar** www.todaysmeet.com/________________
- Enter a **Nickname** and press **JOIN**
- Add your comments and click **SAY**

**TASC**: **Déan dhá ráiteas maidir le luach an cheoil atá á ofráil I do scoil.**

| Ráiteas 1 | Ráiteas 2 |
| --- | --- |
| | |




**Sonraíocht an Cheoil: AIDHM**
***'cur le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta, féinléiriú, samhlaíocht agus íogaireacht ilchultúrtha, agus dá bhrí sin, le forbairt an duine ina iomláine'***
… Sonraíocht an Cheoil, Ich. 7

# Gníomhaíocht 4: Ráitis Foghlama

**TASC: Léigh trí na sé ráiteas a bhaineann go sonrach leis an gCeol. Roghnaigh ceann nó dhó agus abair cén áit ar féidir leat teach tar fhianaise de na Ráitis Foghlama sin i do sheomra ranga ceoil.?**

**RF 3** | **RF 4** | **RF 8**

## Ráitis Foghlama

| | |
|---|---|
| 1 | déanann an scoláire cumarsáid éifeachtach le roinnt meán agus i réimse comhthéacsanna sa T1* |
| 2 | déanann an scoláire éisteacht, labhairt agus léitheoireacht sa T2* agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin |
| 3 | déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú |
| 4 | cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíne agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist |
| 5 | tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh |
| 6 | tá meas ag an scoláire ar an mbealach ina gcuireann luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina gcónaíonn sí/sé |
| 7 | tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne |
| 8 | tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus na fórsaí is cúis le hathrú |
| 9 | tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall uirthi/air |
| 10 | tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe |
| 11 | déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú |
| 12 | tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus inspreagadh inti/ann le bheith gníomhach go fisiciúil |
| 13 | tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh |
| 14 | déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sí/sé scileanna maithe tomhaltacha |
| 15 | aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama |
| 16 | déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sí/sé iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú |
| 17 | déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla |
| 18 | déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus próisis eimpíreacha agus tarraingíonn tátail agus cinntí astu |
| 19 | tá luach ag an scoláire ar ról agus cion na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo |
| 20 | baineann an scoláire úsáid as teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha |
| 21 | cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sí/sé múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla |
| 22 | léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sí/sé nuálach agus forbraíonn sí/sé scileanna fiontraíochta |
| 23 | tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú |
| 24 | úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil |

**RF 16** | **RF 23** | **RF 24**

# Gníomhaíocht 6: Creat don tSraith Shóisearach

**TASC: Léirigh an tuiscint ata agat ar an gCreat don tSraith Shóisearach trí phointe amháin eolais a líonadh isteach i ngach bosca acu seo thíos.**


**8 bPrionsabal**

**24 Ráiteas Foghlama**

**8 bPríomhscil**

**Folláine sa churaclam**

**Folláine sa chomhthéacs ginearálta**




**CL2**

**Gearr-chúrasí**

**Réimsí Foghlama Eile**

**Measúnú**

**Tuairisciú**

# Gníomhaíocht 5: Táscairí na Folláine

**TASC: Faigh amach cén áit arbh fhéidir na Táscairí Folláine seo a ghníomhachtú sa seomra ranga ceoil.**




# Pobal Gairmiúil Foghlama/ Comhoibriú

*'an **inclusive** group of people, motivated by a **shared learning vision**, who **support** and work with each other**, finding ways** inside and outside their immediate **community**, to enquire into their own practice and **together learn** new and better approaches that will **enhance all pupils' learning'***

...Professional Learning Communities, Stoll, 2006, p.6




*'Léiriú is ea an soláthar d'am gairmiúil aonair do mhúinteoirí ar an tiomantas faoin gCreat don tSraith Shóisearach 2015 go gcuirfí tacaíocht dá leithéid ar fáil chun ligean do mhúinteoirí gabháil do ghníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú'*

*....Imlitir 0015/2017, Ich 23*

# Am gairmiúil

## Moltaí ar úsáid am gairmiúil

**Am gairmiúil do mhúinteoirí –** am gan teagmháil le scoláirí ina mbeidh múinteoirí páirteach i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Is féidir go gcabhródh an t-am seo le múinteoirí a bheith ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla do mhúinteoirí aonair agus do ranna ábhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bhíonn á dtiomsú don PGSS.
- Freastal ar chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Ullmhúchán le haghaidh na gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus maoirseacht a dhéanamh ar na torthaí

Tá liosta moltaí leis an doiciméad seo ar bhealaí arbh fhéidir le múinteoirí ceoil an 22 uair d'am gairmiúil a leithdháileadh dóibh ó 2017 / 2018 ar aghaidh. Cuimsíonn na moltaí sin deiseanna do ghníomhaíochtaí gairmiúla do mhúinteoir aonair agus / nó do roinn ábhair agus ní liosta iomlán é.

Is faoi gach scoil, roinn ábhair agus múinteoir iad féin an 22 uair d'am gairmiúil a oibríonn dóibh a shocrú le bainistíocht na scoile.

**Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile le cabhrú leis an tSraith Shóisearach**

- Ceistiúchán na Scoile Uile ar an gCreat don tSraith Shóisearach
- Díospóireachtaí agus cruinnithe i measc na scoile uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc, foghlaim agus cleachtas measúnaithe.

# Moltaí ar bhealaí chun úsáid a bhaint as am gairmiúil ar bhonn aonair, i gcomhar le chéile agus ag leibhéal na roinne ceoil




**Ar bhonn aonair**

Gabhaigí i ngleic leis an tsonraíocht ábhar do Cheol na Sraithe Sóisearaí trí dhul i dtaithí ar na trí snáitheanna, na trí eilimintí agus an 36 toradh foghlama is féidir a aimsiú sa tsonraíocht cheoil ar www.curriculumonline.ie

Fiosraígí na torthaí foghlama agus déanaigí naisc san fhoghlaim ar fud na dtrí shnáithe

Smaoinígí conas a dhéanfadh sibh an fhoghlaim sin sofheicthe nuair a bhíonn sibh ag dearadh bhur bpleananna don chéad bhliain i gcomhair Mheán Fómhair 2018.

Tosaígí a bhailiú nó a chruthú acmhainní a chabhróidh le foghlaim scoláirí i gCeol na Sraithe Sóisearaí

**I gcomhar le chéile**

Déanaigí na Torthaí Foghlama a spíonadh amach agus smaoinígí conas ab fhéidir leat fianaise den fhoghlaim sin a bhailiú agus a ghabháil

Breathnaígí arís ar na laethanta FGL agus ar na hábhair acmhainní ar www.jct.ie

Déanaigí teagmháil le múinteoirí ceoil eile in bhur cheantar

**Leibhéal na roinne ceoil**

Socraígí na gnáis ina leagann sibh amach conas atá sibh ag brath oibriú le chéile

Cruthaígí fís do bhur roinn cheoil

Oibrígí le chéile a chinneadh cén ghrúpáil a dhéanfaidh sibh de na Torthaí Foghlama do lucht na chéad bhliana

Socraígí le chéile conas a bhaileoidh sibh fianaise ar an bhfoghlaim seo


Roinnigí acmhainní

Déan machnamh ar cé chomh héifeachtach agus a bhí an fhoghlaim sa rang agus roinn na torthaí le do chuid comhghleacaithe

Aon mholtaí eile conas a bhainfeadh sibh úsáid as an am gairmiúil seo i gcomhthéacs bhur scoile:

# Gníomhaíocht 10: Laistigh den tSonraíocht Cheoil againn

**TASC: Roinn na cártaí de na Torthaí Foghlama sa chaoi is go mbíonn ar a laghad dhá cheann ag gach ball den ghrúpa ina láimh. Smaoinigh ar an bhfoghlaim i ngach ceann de na cártaí agus ag úsáid an mhata bhoird atá ar an mbord, ceangail an Toradh Foghlama leis an ngné chuí.**




# Gníomhaíocht 13: Ag nascadh leis na snáitheanna

**TASC: Meabhrú ar an bhfoghlaim atá nua sa snáithe seo?**




| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

# TEANGA A FHIOSRÚ


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Treoir Thagartha do Shonraíocht an Cheoil

**TASC: SMAOINIGH / PÉIREÁIL / ROINN**

**Glacaigí nóiméad chun tagairt don treoir thíos. Roghnaígí téarma amháin a bhfuil sibh eolach air agus ceann amháin nach eol daoibh. Pléigí i mbeirteanna agus ansin roinnigí leis an ngrúpa.**

## Sonraí Téarmaíochta



## Gníomhaíocht 15:

## Déanaigí na Torthaí Foghlama a spíonadh amach

*'Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an staidéar ceoil sa tsraith shóisearach'*

Sonraíocht an Cheoil, Ich. 21

**Is í an fhoghlaim croílár gach Toradh Foghlama.**

2.7 roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus fuaimeanna a thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú

**TASC: Aithin an fhoghlaim sa Toradh Foghlama seo don chéad bhliain**

*Táimid ag foghlaim faoi…*

**Is iad na fiúntais na scileanna eolais a ndéanfar tógáil orthu sna trí bliana romhainn sna torthaí foghlama.**

**TASC: Cur san áireamh cé leis is cosúla na scileanna foghlama agus na fiúntais don chéad bhliain den turas foghlama.**

| Eolas | Scileanna | Luachanna |
|---|---|---|
| | | |

# Gníomhaíocht 16: An Próiseas Cruthaitheach

**TASC: Cé na naisc ó do chleachtas sa seomra ranga a thógfadh sibh ó Hanz Zimmer?**





**Pioc 2-3 phointe anseo**

**1.**

**2.**

**3.**

# Gníomhaíocht 17: An Turas Foghlama




**Punann Chumadóireachta:**______________________________

**Nóta Cláir:** ____________________________________________

**Scrúdú Praiticiúil:** _____________________________________

**An Scrúdú deiridh:** _____________________________________

# Ceol na Sraithe Sóisearaí Torthaí foghlama

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Snáithe-anna: **Eolas gnásúil** | **Nuáil agus samhlaigh** | **Cultúr agus Comhthéacs**

## Gnéithe: Cruthú agus iniúchadh

### Eolas gnásúil

1.1 míreanna gairide ceoil a chumadh, a chur i láthair nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónacha a chruthú lena dtionlacan

1.2 píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach

1.3 tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin

1.4 cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise

### Nuáil agus samhlaigh

2.1 triail a bhaint agus tobchumadh a dhéanamh as cineálacha éagsúla fuaimeanna ar fhoinse fuaime agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin

2.2 ráiteas ceoil (amhail rapcheol nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist tráthúil nó imeacht reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile

2.3 sleachta/móitífeanna/téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú

### Cultúr agus Comhthéacs

3.1 comhoibriú le scoláirí eile agus le piaraí chun seinnliosta agus sraith taifeadtaí a dhéanamh le himeacht stairiúil áitiúil nó imeacht comórtha pobail a thionlacan

3.2 scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ceol chun carachtair a mhealladh, a gcaidrimh agus a gcuid mothúcháin, de réir mar a iniúchtar é sa cheol uirliseach ó sheánraí éagsúla

3.3 staidéar a dhéanamh ar stíl chomhaimseartha nó stairiúil ceoil faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi

## Gnéithe: Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil

### Eolas gnásúil

1.5 léamh, léirmhíniú agus seinm ó léirithe siombalacha fuaimeanna

1.6 éisteacht le míreanna rithimeacha suas le ceithre bharra agus míreanna séise suas le dhá bharr agus iad a thras-scríobh

1.7 ceol a chur i láthair ar an spota trí mhíreanna rithimeacha séiseacha a sheinn, a chasadh nó a bhualadh

1.8 píosaí ceoil ina n-úsáidtear gléasanna agus uigeachtaí struchtúracha comhchoiteanna a chleachtadh agus a thaibhiú

1.9 tuiscint a léiriú ar réimse méadar agus buillí trí úsáid a bhaint as cnagadh coirp agus bealaí gluaiseachta eile

### Nuáil agus samhlaigh

2.4 amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé

2.5 saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl

2.6 ostianto rithimeach nó séise a chumadh agus sraitheanna fuaime a chur leis thar an bpatrún nuair a sheinntear arís é, an uigeacht a éagsúlú chun píosa mothaithe a chruthú chun gearrthán scannáin nó seicheamh íomhánna a thionlacan.

2.7 roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus fuaimeanna a thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú

### Cultúr agus Comhthéacs

3.4 glicín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh

3.5 samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla

## Gnéithe: Breithmheas agus freagairt a thabhairt

### Eolas gnásúil

1.10 plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil áitiúil nó sa phobal

1.11 struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc

1.12 a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán

1.13 comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile

1.14 comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla

### Nuáil agus samhlaigh

2.8 anailís a dhéanamh ar struchtúr cordúil sleachta ó réimse amhrán agus liosta amhrán a chur le chéile ina mbeidh struchtúir agus réimnithe corda comhchosúla

2.9 idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh

2.10 sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú

2.11 measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an dóigh a measúnaímid an ceol; bealaí a mholadh lenar féidir ceol an scoláire agus ceol scoláirí eile a chomhroinnt chun lucht éisteachta/féachana domhanda a shroicheadh

### Cultúr agus Comhthéacs

3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs

3.7 píosaí le beirt chumadóirí Éireannacha nó níos mó a chur i gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) agus míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha

3.8 fógra faoi leith a roghnú agus anailís a dhéanamh ar an ról atá ag an gceol maidir le tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn

3.9 scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (e.g. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu

3.10 plé a dhéanamh ar phrionsabal na gceart ceoil agus míniú a thabhairt maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar chomhroinnt agus ar fhoilsiú an cheoil

3.11 iniúchadh a dhéanamh ar an am a thugtar d'ealaíontóirí agus taibheoirí Éireannacha ar na meáin éagsúla áitiúla nó náisiúnta Éireannacha agus na torthaí sin a chur i láthair sa rang

# Gluais de bhriathra gnímh

Sainmhínithe + Torthaí foghlama ábhartha

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Oiriúnú** 2.3
Rud éigin a dhéanamh oiriúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua

**Anailísigh** 2.8 3.3 3.8
Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Ceangail a dhéanamh** 3.6
Ceangal a dhéanamh nó rud a dhéanamh bainteach; rud éigin a thabhairt le chéile agus bheith ina chúis le freagairt a thabhairt

**Déan comparáid** 1.13 1.14 3.7
Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd

**Cum** 1.1 3.4
Saothar ealaíne a scríobh nó a chruthú, go háirithe ceol nó filíocht

**Cruthaigh** 1.2 2.2 2.7
Rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine

**Taispeáin** 1.9
Rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

**Cuir síos** 3.3 3.7
Rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile

**Dearadh** 1.3 2.6
Rud éigin a dhéanamh nó a phleanáil do chuspóir faoi leith

**Forbair** 2.10
Rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion

**Ceap** 3.5
Rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana

**Pléigh** 1.10 2.4 3.10
Athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

**Idirdhealaigh** 2.9
Na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir

**Measúnaigh (faisnéis)** 3.9
Faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** 2.11
Fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Scrúdaigh** 3.2
Argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh

**Bain triail** 2.1
Triail agus tástáil a dhéanamh, chun rud éigin nua a fhionnachtain nó le rud éigin a chruthú

**Mínigh** 3.7 3.10
Mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Fiosraigh** 3.11
Dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

**Sainaithin** 2.4 2.9
Patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Léirigh** 1.11 2.7
líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin

**Tobsmaointeoireacht a dhéanamh** 1.3 2.1
Ceol a chruthú agus a thaibhiú gan réamhsmaoineamh nó nár ullmhaíodh dó roimhe sin; rud a léiriú nó a dhéanamh as cibé rud atá ar fáil

**Léirmhínigh** 1.5 2.4 3.2
Eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Léirigh** 1.4 1.12
Rud a léirigh nó a lua; aird a tharraing ar rud

**Iniúch** 3.9
Anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Cosain** 3.6
Cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

**Cuir i láthair** 1.2 2.4 2.7 3.11
Rud a thabhairt leat, a thairiscint thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí

**Mol** 2.9 2.11
Rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh

**Beachtaigh** 2.5
Feabhas a dhéanamh trí idirdhealuithe mine nó gnéithe ceoil a chur isteach

**Cleacht** 1.8 2.4 2.5
Cleacht dráma, píosa ceoil, nó saothar eile do thaibhiú poiblí níos déanaí

**Tras-scríobh** 1.6
Smaointe, urlabhra, sonraí a chur isteach i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; an méid a chloistear i gcarachtair nó in abairtí a scríobh síos

**Úsáid** 1.9 2.10 3.7
eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh

**TRÍ SNÁITHEANNA**

- Eolas gnásúil
- Nuáil agus samhlaigh
- Cultúr agus comhthéacs

An tSonraíocht Cheoil Ar fail ag:
www.curriculumonline.ie

Acmhainní ceol ar fail ag:
www.jct.ie/music/music

# NOTAÍ

## Teicneolaíochtaí digiteacha – I measc na mbogearraí a usáidtear go laethúil….

- Mentimeter.com
- Todaysmeet.com
- Postit App
- Plickers.com
- Videoscribe
- Rawshorts
- iMovie
- Audacity
- Musescore

---

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE
for teachers

**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**
Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin
Bóthar Ard Mhacha,
Bóthar Ard Mhacha
www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:
BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan

Twitter

@JCforTeachers

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie